Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14893/23

LIMITE

POLCOM 259
COMPET 1062
IND 580
RELEX 1249

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh - Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. Is dúshlán coiteann atá roimh an bpobal domhanda é rochtain a bheith acu ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil. D'fhógair an Coimisiún sa Teachtaireacht an 16 Márta 2023 maidir le soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil chun tacú leis an dá aistriú (7551/23) go raibh sé ar intinn aige Club Amhábhar Criticiúil a bhunú i gcomhar le tíortha leasmhara.

2. Is éard is aidhm don Chlub Amhábhar Criticiúil tíortha ina dtáirgtear agus ina n-ídítear amhábhair chriticiúla a thabhairt le chéile chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a chur chun cinn. Ba cheart don Chlub Amhábhar Criticiúil infheistíocht inbhuanaithe a chothú sna tíortha ina dtáirgtear iad, rud a chuirfeadh ar a gcumas bogadh suas sa slabhra luacha. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún iarraidh ar na tíortha leasmhara an Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh trí Ráiteas Comhpháirteach.

3. An 11 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún nóta chuig an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe), inar chuir sé in iúl go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le hionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh. Eiseoidh na comhaltaí bunaidh an Ráiteas Comhpháirteach seo roimh dheireadh na bliana 2023.

4. Chuir an Coimisiún faisnéis bhreise ar fáil do na toscaireachtaí ag na cruinnithe a bhí ag an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an 14 Meán Fómhair agus an 25 Deireadh Fómhair 2023. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) maidir leis an ábhar ina dhiaidh sin, trí chomhairliúchán i scríbhinn. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne a bhfuil ar intinn ag an gCoimisiún agus atá luaite thuas.

5. Meastar go gcuirfidh an Coimisiún an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) ar an eolas go rialta faoin dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíocht.

6. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún ar ais chuig an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú a fháil uaithi, i gcomhréir le dlí an Aontais, thar ceann an Aontais, chun ionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm Ráiteas Comhpháirteach, ar cheart í a bheith mar thoradh ar an gcaibidlíocht, a fhormheas.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíodh sé go gcaibidleoidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh; agus

– a mholadh go n-údaróidh an Chomhairle don Choimisiún an Ráiteas Comhpháirteach sin a chaibidil, thar ceann an Aontais, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ag an gComhairle amach anseo.

PUBLIC